# Siúlóid Oíche

Meánleibhéal 2 (B2)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi shiúlóid oíche a eagraíodh chun airgead a bhailiú. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile.

1. An ndearna tú aon rud riamh chun airgead a bhailiú do chlub nó do chumann?
2. Cad a dhéanann na cumainn thíos, dar leat?

GALWAY MOUNTAIN RESCUE

RNLI Lifeboats

3. An aontaíonn tú leis na ráitis thíos?
   a) Ba cheart do gach mac léinn obair dheonach a dhéanamh uair sa bhliain.
   b) Má dhéantar obair dheonach, ba cheart níos lú cánach a íoc.
   c) Déanann daoine a bhíonn íoctha as an obair a dhéanann siad obair níos fearr ná oibrithe deonacha.

# B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

| | |
|---|---|
| a) *a walking challenge* | |
| b) *people's lives* | |
| c) *safety instructions* | |
| d) *to draw attention to* | |
| e) *funded* | |
| f) *high standard* | |
| g) *bright* | |
| h) *darkness* | |
| i) *strolling, rambling* | |
| j) *thinking (about)* | |
| k) *calm, tranquil* | |

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin? ______________________________

3. Cén Ghaeilge atá agat ar na téarmaí thíos?

| | |
|---|---|
| *Galway Mountain Rescue Association* | |
| *The Department of Transport* | |

4. An bhfuil leagan eile agat féin den fhrása – 'siar is aniar'?

______________________________

# C: TUISCINT

Féach ar an mír arís agus freagair na ceisteanna.

1. Cé acu ráiteas **nach bhfuil** fíor?
   a) Timpeall 400 duine a rinne an tsiúlóid.
   b) Bíonn dhá shiúlóid mar seo ar siúl sa bhliain.
   c) Seo an ceathrú bliain a eagraíodh an tsiúlóid.

2. Cén tslí a maoinítear Cumann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe, dar le Karina Feirtéar?

   ______________________________

3. Cén fáth ar eagraíodh an tsiúlóid?

   ______________________________

4. Cén cineál siúlóide a bhí ann? (cá háit? cé chomh fada? cathain?)


   ______________________________

5. Luaigh Róisín Ní Bheirn trí rud a thaitin léi faoin tsiúlóid. Cad iad?

   a) ______________
   b) ______________
   c) ______________

6. Cad é an príomhphointe a bhí ag Patsy Ó Cualáin?

   ______________________________



# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (á + an t-ainm briathartha)

Baintear úsáid as an bhfaí chéasta sa nuacht go minic, nó *the passive voice* i mBéarla. Mar shampla:

| | |
|---|---|
| Bhí an teach (fir.) á thógáil ag ár muintir. | *The house was being built by our family.* |
| Tá an cháinaisnéis (bn.) á cáineadh ag an bpobal. | *The budget is being criticized by the public.* |
| Tá na treoracha sábháilteachta (iolra) á dtabhairt dóibh. | *The safety instructions are being given to them.* |

Mar a fheictear sna samplaí thuas, baintear úsáid as an bhfoirmle 'á + an t-ainm briathartha' agus caithfidh uimhir agus inscne a bheith de réir a chéile. Is é an tríú pearsa uatha (firinscneach agus baininscneach) agus an tríú pearsa iolra na cinn is coitianta a chloistear sa nuacht. Féach:

| |
|---|
| **Tá an polaiteoir á cheistiú ag na hiriseoirí.**<br>(Is ainmfhocal firinscneach é 'an polaiteoir' agus mar sin tá séimhiú ar 'ceistiú'.) |
| **Tá an bhean á ceistiú ag na Gardaí.**<br>(Is ainmfhocal baininscneach é 'an bhean' agus mar sin níl séimhiú ar 'ceistiú'.) |
| **Tá an cúrsa á eagrú ag an ollscoil.**<br>(Is ainmfhocal firinscneach é 'an cúrsa' agus mar sin níl 'h' ar 'eagrú'.) |
| **Tá an tsiúlóid á heagrú ag an gcumann.**<br>(Is ainmfhocal baininscneach é 'an tsiúlóid' agus mar sin tá 'h' roimh 'eagrú.) |
| **Tá na haistí á mbailiú ag an múinteoir.**<br>(Tá an t-ainmfhocal 'aiste' san iolra agus mar sin tá urú ar 'bailiú'.) |
| **Beidh na cluichí á n-imirt sa samhradh**.<br>(Tá an t-ainmfhocal 'cluiche' san iolra agus mar sin tá urú ar 'imirt'.) |

Aistrigh na habairt seo go Gaeilge anois:

| | |
|---|---|
| 1. The grass is being cut by the gardener. | |
| 2. The meal is being prepared by the chef. | |
| 3. The book was being read by the students. | |
| 4. The bags were being packed by her father. | |
| 5. The boxes are being carried by the women. | |
| 6. The weather is being discussed by the neighbours. | |
| 7. The festival was being organised by the committee. | |
| 8. The tables are being cleaned by the children. | |

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Bígí ag obair i ngrúpaí.

1. Féachaigí ar na cineálacha éagsúla oibre deonaí is féidir a dhéanamh thíos. Pléigí gach ceann acu agus na cúiseanna ar mhaith libh nó nár mhaith libh an obair sin a dhéanamh.

    - tarrtháil sléibhe
    - tarrtháil ainmhithe
    - obair ghlantacháin áitiúil
    - banc bia
    - cuairteanna ar dhaoine tinne san ospidéal
    - cuairteanna ar sheandaoine a bhíonn ina gcónaí leo féin
    - páistí a chóitseáil i spórt éigin



2. Samhlaígí go mbeidh an tsiúlóid *Howl at the Moon* á heagrú agaibhse an bhliain seo chugainn. Caithfidh sibh cinneadh a dhéanamh faoi na nithe seo a leanas anois:




Cá háit a mbeidh an tsiúlóid?
Cé chomh fada is a bheidh sí?
Cén téama a bheidh ann?
Cén sprioc tiomsaithe airgid atá agaibh?
Cad iad na treoracha sábháilteachta a bheidh agaibh?
Cén Ghaeilge a chuirfeadh sibh ar *Howl at the Moon*?

## 2: Scríobh

Scríobh fógra don nuachtán áitiúil faoin tsiúlóid a phléigh sibh faoi Chaint thuas. Bí cinnte go bhfuil na sonraí ar fad ar an bhfógra.

# AN SCRIPT

**Siún Nic Gearailt**
Anseo ag baile, bhailigh na céadta i gConamara aréir chun tabhairt faoi dhúshlán siúlóide, *Howl at the Moon*, chun airgead a bhailiú do Chumann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe. Is í seo an t-aon ócáid mhór bailithe airgid a bhíonn ag an gcumann sa bhliain, agus cabhraíonn an t-airgead a bhailítear chun an tseirbhís dheonach a choimeád sa tsiúl[1] agus chun beatha daoine a shábháil.
**Eibhlín Ní Choistealbha**
Treoracha sábháilteachta á dtabhairt do na céadta a bhailigh le chéile i bPáirc Ghaoithe na Gaillimhe i gConamara agus iad ullamh chun tabhairt faoi dhúshlán siúlóide chun airgead a bhailiú do Chumann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe. Seo í an ceathrú bliain den ócáid, *Howl at the Moon*, an t-aon ócáid mhór bhliantúil a bhíonn ag an gcumann chun breis airgid a bhailiú dá gcuid seirbhísí agus chun aird a tharraingt ar an obair thábhachtach a dhéanann siad.
**Karina Feirtéar, Oibrí Deonach, Cumann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe**
Foireann sléibhe na Gaillimhe, tá sé maoinithe, is dócha, go pointe, ag Comhairle Contae na Gaillimhe, agus chomh maith leis sin ag an Roinn Iompair. Tá ag tarrac[2] ar, b'fhéidir, tríocha go daichead duine ar an bhfoireann – obair dheonach ar fad í seo ó thaobh na ndaoine atá ar an bhfoireann. Bíonn an fhoireann ag traenáil uair sa choicís; bímid amuigh i gcónaí ag déanamh cúrsaí agus ag déanamh traenála i gcónaí. Tá sé tábhachtach go bhfuil an maoiniú ann agus go bhfuil an t-airgead ann, ó thaobh go bhfuil gach rud, is dócha, d'ardchaighdeán.
**Eibhlín Ní Choistealbha**
É geal nuair a thosaíodar agus dorcha nuair a chríochnaíodar, thug suas le 400 duine faoin dúshlán siúlóide agus rogha acu naoi gciliméadar nó seacht gciliméadar déag a dhéanamh.
**Róisín Ní Bheirn, An Cheathrú Rua, Conamara**
Rud inteacht[3] difriúil atá ann fosta, sa dorchadas – giota craice agus tá sé iontach deas fosta an pobal a fheiceáil ag teacht le chéile do rud inteacht mar seo.
**Eibhlín Ní Choistealbha**
Bhaineadar sin a ghlac páirt ana-shásamh[4] as an oíche.
**Marie Uí Chualáin, Leitir Mealláin, Conamara**
Ní mórán siúlóidí a bhíonn ann san oíche. Tá sé an-, an-deas a bheith ag siúl amuigh, gan aon solas, gan tada[5] mar sin. Níl tada ag cur as duit.
**Patsy Ó Cualáin, Baile na Cille, Conamara**
Bíonn muid uilig[6] ag déanamh beagáinín spaisteoireachta anonn agus anall, an bhfuil a fhios agat. Agus níl a fhios agat cén uair a theastós[7] cabhair uait féin, an bhfuil a fhios agat, sin í an chaoi a gcaithfidh tú a bheith ag cuimhneamh air. Tá sé breá suaimhneach a bheith amuigh ann.
**Eibhlín Ní Choistealbha**
Deir Cumann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe go gcabhróidh an t-airgead ar fad a bailíodh chun an tseirbhís dheonach a choimeád ag imeacht agus chun beatha daoine a shábháil.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4, i bPáirc Ghaoithe na Gaillimhe.

---

[1] Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar fhocail dar tús 's' tar éis 'sa'.
[2] ag tarrac = leagan canúnach de 'ag tarraingt'
[3] inteacht = leagan canúnach de 'éigin'
[4] an-sásta a scríobhtar sa Chaighdeán Oifigiúil
[5] tada = leagan canúnach de 'dada'
[6] uilig = leagan canúnach de 'uile'
[7] a theastós = a theastóidh

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna ar dtús sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang iomlán.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| *a walking challenge* | dúshlán siúlóide |
| *people's lives* | beatha daoine |
| *safety instructions* | treoracha sábháilteachta |
| *to draw attention to* | aird a tharraingt ar |
| *funded* | maoinithe |
| *high standard* | ardchaighdeán |
| *bright* | geal |
| *darkness* | dorchadas |
| *strolling, rambling* | spaisteoireacht |
| *thinking (about)* | ag cuimhneamh (ar) |
| *calm, tranquil* | suaimhneach |

2. Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B'fhéidir go raibh leagan eile acu de na focail.
3. Freagraí:

| | |
|---|---|
| *Galway Mountain Rescue* | Cumann Tarrthála Sléibhe na Gaillimhe |
| *The Department of Transport* | An Roinn Iompair |

4. Anonn agus anall

## C: TUISCINT

Féach ar an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (á + an t-ainm briathartha)

Freagraí:

| | |
|---|---|
| 1. *The grass is being cut by the gardener.* | Tá an féar á ghearradh ag an ngarraíodóir. |
| 2. *The meal is being prepared by the chef.* | Tá an béile á ullmhú ag an gcócaire. |

| | |
|---|---|
| 3. *The book was being read by the students.* | Bhí an leabhar á léamh ag na scoláirí. |
| 4. *The bags were being packed by her father.* | Bhí na málaí á bpacáil ag a hathair. |
| 5. *The boxes are being carried by the women.* | Tá na boscaí á n-iompar ag na mná. |
| 6. *The weather is being discussed by the neighbours.* | Tá an aimsir á plé ag na comharsana. |
| 7. *The festival was being organised by the committee.* | Bhí an fhéile á heagrú ag an gcoiste. |
| 8. *The tables are being cleaned by the children.* | Tá na boird á nglanadh ag na leanaí. |

## E. CUMARSÁID

### 1: Caint

1. Caithfidh an rang plé a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla oibre deonaí.
2. Tabhair deis dóibh plé a dhéanamh ar an gcéad siúlóid oíche eile a chaithfidh siad féin a eagrú.

*Howl at the Moon*: glam an mhic tíre / ag ceiliúradh faoin ngealach / faoi sholas na gealaí / siúlóid ghealaí / damhsa na gealaí

### 2: Scríobh

Iarr orthu fógra gearr don tsiúlóid a scríobh bunaithe ar an méid a phléigh siad faoi Chaint 2 thuas.

Ollscoil Mhá Nuad Ollscoil na hÉireann Má Nuad | Lárionad na Gaeilge Taighde, Teagasc & Tástáil | Foghlaim TG4 | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta